SCOIL CHUALANN

A Thuismitheoirí dhíl,

Táimid tagtha go deireadh na bliana i Scoil Chualann.
Ba mhaith linn buíochas a ghabháil libh go léir as bhur gcabhair agus bhur dtacaíocht i rith na bliana. Tá súil againn go mbeidh saoire deas agaibh go léir.

We wish to thank you for your co-operation and support throughout the school year.
We wish you all a pleasant holiday and look forward to seeing you in the new school year.

Seo leanas na socruithe don scoil bhliain 2014 – 2015.
Athosclófar an scoil tar éis saoire an tSamhraidh ar an Déardaoin 28.08.'14.
School will re-open on Thursday 28.08.'14.

Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile.
Tá sé riachtanach go labharfadh tuismitheoirí agus páistí Gaeilge í gcónaí sa scoil agus i dtimpeallacht na scoile.
Children and parents must speak Irish at all times in and around the school. This will benefit your child.

Naíonáin Bheaga & Mhóra am scoile:
Dúnfar an scoil do na ranganna Naíonán ag 12.00 a chlog gach lá ón 28.08.14 - 12.09.14.
School will close for infant classes at 12.00 every day from 28.08.14 – 12.09.14.

Dath Scoile*/School Colour*:
Léine liath/bán – *grey/white shirt*
Sciorta/pinafore liath/*grey skirt or pinafore*
Bríste liath/*grey trousers*
Geansaí marún scoile/*maroon school jumper* (*Tracksuit top)*
Stocaí liatha/bán/*White or grey socks*
Bróga dubha*/black shoes*

Is gá do gach leanbh bróga tí a bheith aige.
*Please ensure that your child has house shoes***.**
Caitheann na páistí culaith reatha do sport agus do chorpoideachas.
Children wear tracksuits for PE days.

Is gá do na páistí an éide scoile a chaitheamh gach lá ach amháin an lá go mbíonn sport/corpoideachas ar siúl.
The children must wear the school uniform every day except for P.E. days.

Ar mhaithe le sábháilteacht iarrtar ar chailíní fáinní cluasa beaga (stodaí) amháin a chaitheamh.
In the interests of safety, only stud earrings should be worn in the school.

Ar mhaithe le sábháilteacht iarrtar ar thuistí a chinntiú nach bhfuil ingní méire ró-fhada ag páistí.
In the interests of safety, parents are advised to ensure that children's nails are not too long.

Spórt
Is ga do gach páiste sciath bhéil a chaiteamh don pheil.
All children must wear a mouth guard when playing football

Cúram Gruaige
Iarrtar ar thuismitheoirí a chinntiú go ndéantar gruaig na bpáisti a sheiceáil gach la chun míolta gruaig a sheachaint. Cuirimid teacs ar tuismitheoiri nuair atá fadbh i rang.
Please check the children's hair every day. Detection is the best method of control of head lice. September/October and January/February can be trigger times. We will send a text when there is a lice problem in a class.

Iarrtar ort a chinntiú go bhfuil ainm an linbh ar: cóta, geansaí, mála, bosca loin & rl.
Please ensure that your child's name is on: coats, jumpers, school bag, lunch box etc.

Lón na bPáistí:
Tá polasaí bia sláintiúil i bhfeidhm sa scoil/*School operates a healthy eating policy*:
Ceapairí; torthaí; deoch/*Sandwiches; fruit; drink/no fizzy drinks, sweets, crisps or nuts*.

Scoil Chualann – Scéalta Scoile Meitheamh 2014

Slán le Bean Uí Bhraoin

Guímid gach rath ar Bhean Uí Bhraoin agus í ag éirí as a post i mbliana. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil léi as an obair iontach a rinne sí i Scoil Chualann.
Chuir sí go mór le saol na Gaeilge i mBré leis an obair a rinne sí leis an mBéal Binn chomh maith. Is léir don saol gur thaitin sé go mór léi a bheith ag plé leis na naíonáin agus rinne sí éacht leo. Bhíodh rudaí nua á dtriail aici i gcónaí. Níl sé chomh fada sin ó chuir sí tús le hAistear i Scoil Chualann. Bhíodh sí sásta tabhairt faoi thionscnaimh nua fiú nuair a bhíodh obair mhór i gceist. Bhronn sí a cuid buanna ar phobal uilig na scoile agus táimid fíobhuíoch di.
Aireoimid uainn í.
Tuigimid nach mbeidh a leithéid arís ann.
Gura fada buan í.

We wish Bn Uí Bhraoin every blessing on her retirement. Bn Uí Bhraoin has been an inspiration to us all. She has pioneered many new educational initiatives in Scoil Chualann. She introduced Aistear to the infant classes and it has been a huge success. She has shared her many, many talents with the school community and we will always be grateful to her. We thank her for her commitment to Scoil Chualann and for educating, cherishing and nurturing all the children in her care during her teaching career with us.

Éide scoile Scoil Chualann

Is léir ó na ceistneoirí, a tháinig ar ais uaibhse na tuismitheoirí/caomhnóirí, go bhfuil daoine an-sásta leis an éide scoile mar atá.
It is clear from the results of our recent uniform survey that parents in Scoil Chualann are very happy with the school uniform.

110 foirm a tháinig ar ais/*110 forms returned*
4 nár aontaigh le héide scoile/*4 didn't want a uniform*
1 ba chuma leo/*1 didn't mind*
105 a bhí sásta leis an éide mar atá/*105 happy with current situation re uniform*

Míle buíochas le gach duine as páirt a ghlacadh sa suirbhé.
Many thanks for taking part in the survey.

Fógraí/Bileoga/litreacha *Notices/Leaflets/Letters*

Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí:

- gan fógraí a chur ar bhalla/gheata na scoile
- gan litreacha a dháileadh ag geata na scoile

Is gá fógraí agus nótaí a chur i láthair an Bhoird Bhainistíochta sula dtugtar do phobal na scoile iad.
Parents/guardians are asked:

- *not to place notices on the school walls/gate*
- *not to distribute literature/letters at the school gate*

All notices/leaflets/flyers/letters should be approved by the Board of Management prior to distribution.

Tástálacha Caighdeánacha/*Standardised tests*

Tugann na páistí faoi tástálacha caighdeánacha sna ranganna 1-6 i Scoil Chualann. Tugtar na torthaí do thuismitheoirí sa tuairisc scoile. Tugann na torthaí eolas dúinn ar do pháiste agus iad i mbun foghlama. Cabhraíonn na torthaí linn a chinntiú go bhfuil tacaíocht ar fáil don pháiste más gá .
Ní oireann scrúdaithe caighdeánacha do gach páiste. Bíonn cuid acu neirbhíseach agus tagann lagmhisneach orthu. Bíonn cuid eile mall ag scríobh agus ní éiríonn leo an scrúdú a chríochnú rud a chuireann isteach ar na torthaí. Éiríonn go maith le cuid eile ach ní bhíonn cuma ró-iontach ar an obair ranga. Is gá dúinn na páistí seo a spreagadh. Cuireann an scór tástála gnóthachtáil do pháiste in iúl.
Cuimhnigh gur féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí páistí a spreagadh chun tuilleadh léitheoireachta agus cluichí matamaitice a dhéanamh le linn laethanta saoire an tsamhraidh.
Ní dhéanfadh sé aon dochar beagán ama a chaitheamh le táblaí freisin.
Ní chuidíonn sé le páistí go mbíonn tuismitheoirí ag plé torthaí lasmuigh den scoil.
Ní chóir torthaí páistí a chur i gcomparáid lena chéile. Tá gach páiste éagsúil agus oibríonn siad de réir a gcumais féin.
Má tá imní ar thuismitheoir faoi thorthaí pháiste is féidir labhairt leis an múinteoir ranga.
Déanaimid ceiliúradh ar bhuanna gach páiste i Scoil Chualann agus tógaimid ar na buanna sin.
Tá buanna speisialta ag gach páiste. Ba choir dúinn na buanna seo a aithint agus a cheiliúradh.

Standardised tests are completed in classes 1 to 6. Results are given in the school report. The results give us information about your child as a learner. These results help us as teachers to ensure your child is given support should they need it.
Standardised tests do not suit every child. Some children can worry about the test and underperform. Others may write slowly and not complete the test on time. This affects their result.
Each test score is an indication of your child's achievement in that particular test. They may perform better in class tests. Some children may perform better in standardised tests. Some children achieve very high scores on standardised tests but their class written work can be disappointing. We need to encourage these children to strive to improve their class work. The class teacher will have monitored your child's progress since the beginning of the school year.
Teacher observation, informal class testing, parents' observations and standardised test results give a clearer picture of your child's progress.
You have an important role to play in encouraging and supporting your child regardless of test results. The children should be encouraged to read and to play mathematical games during the summer break. Five minutes of maths tables per day would benefit some children.
It is not helpful to discuss children's standardised test results with other parents. Results should not be compared. Children learn at different rates according to their ability. *If you have concerns please talk to the class teacher.*
We celebrate and nurture the unique qualities of every child in Scoil Chualann. Every child has their own talents. We should celebrate all their achievements.

Carmel Ní Ghairbhín
Príomhoide